16.10.2020 A9-0193/4

**Leasú 4**
**Martin Schirdewan, Manon Aubry**
thar ceann Ghrúpa GUE/NGL

**Tuarascáil A9-0193/2020**
**Joachim Schuster**
Beartais eacnamaíocha an limistéir euro 2020
(2020/2078(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 8**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. á chur in iúl gur geal léi na conclúidí ón gComhairle Eorpach lena moltar Plean Eorpach don Téarnamh, agus ionstraim NGEU[21] lena n-áirítear EUR 750 billiún, bannaí á n-eisiúint ag an gCoimisiún, agus acmhainní dílse nua; á mheabhrú, áfach, iarraidh Pharlaimint na hEorpa ar bhorradh i bhfad níos fearr a chur faoin infheistíocht chun dul i ngleic le géarchéim COVID-19, agus á aithint an gá atá le bearta breise chun éagsúlachtaí eacnamaíocha agus sóisialta ollmhóra a chosc agus chun spriocanna fadtéarmacha sóisialta agus comhshaoil AE a bhaint amach; | 8. á chur in iúl gur geal léi na conclúidí ón gComhairle Eorpach lena moltar Plean Eorpach don Téarnamh, agus ionstraim NGEU[21] lena n-áirítear EUR 750 billiún, bannaí á n-eisiúint ag an gCoimisiún, agus acmhainní dílse nua; á mheabhrú, áfach, iarraidh Pharlaimint na hEorpa ar bhorradh i bhfad níos fearr a chur faoin infheistíocht chun dul i ngleic le géarchéim COVID-19, agus á aithint an gá atá le bearta breise chun éagsúlachtaí eacnamaíocha agus sóisialta ollmhóra a chosc agus chun spriocanna fadtéarmacha sóisialta agus comhshaoil AE a bhaint amach; ***ag tabhairt dá haire faoi phlean NGEU go ndéanfar fiachas EUR 750 billiún an Choimisiúin a aisíoc, de réir ceann amháin de na trí rogha a d’fhéadfadh a bheith ann, agus dúirt Uachtarán an Choimisiúin go bhfuil luí aici le hacmhainní dílse nua a ghnóthú amach anseo, amhail cáin dhigiteach, cáin teorann um choigeartú i leith carbóin, leathnú na scéime trádála astaíochtaí, agus cáin ar chuideachtaí ilnáisiúnta ollmhóra ag cur in iúl gur cúis imní di a dheacra a bheidh sé acmhainní dílse nua suntasacha a ghnóthú, d’uireasa aon athrú ar an gconradh, lena gcuirtear deireadh le vótáil d’aon toil maidir le cánachas sa Chomhairle, áit ar theip ar roinnt mhaith tograí forásacha maidir le cánachas nó ar cuireadh stop*** |

***leo ós rud é gur chuir Ballstáit ina gcoinne, Ballstáit ar thagair an Pharlaimint dóibh, roimhe sin, gur tearmainn chánach iad; ag cur in iúl gur cúis mhór imní di leis an dá rogha eile maidir le haisíocaíocht go gcuirfear le leibhéil fiachais phoiblí na mBallstát, agus go n-aisíocfar na cistí trí bhuiséid de chuid an Aontais amach anseo, bíodh sin trí ranníocaíochtaí méadaithe ó na Ballstáit nó trí chistiú do chláir a laghdú, rud a chiallaíonn leis na cistí téarnaimh go gcuirfear le fiacha náisiúnta na mBallstát nó go laghdófar leibhéal na gcistí agus na seirbhísí as a mbaineann a gcuid cónaitheoirí tairbhe;***

[21] https://www.consilium.europa.eu/en/meetings/european-council/2020/07/17-21

[21] https://www.consilium.europa.eu/ga/meetings/european-council/2020/07/17-21

Or. en

16.10.2020 A9-0193/5

**Leasú 5**
**Martin Schirdewan, Manon Aubry**
thar ceann Ghrúpa GUE/NGL

**Tuarascáil** **A9-0193/2020**
**Joachim Schuster**
Beartais eacnamaíocha an limistéir euro 2020
(2020/2078(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 19**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 19. ag moladh go mbeadh beartas fioscach frith-thimthriallach in AE agus ina Bhallstáit agus chun cóimheasa fiachais-OTI a laghdú, agus do bhuiséid náisiúnta a bheith ar comhardú nó barrachais bheaga a bheith acu le linn cora chun feabhais sa gheilleagar i dtréimhsí fáis AE, chun freagairt go héifeachtach do na dúshláin a bheidh ann sa todhchaí agus cobhsaíocht an limistéir euro a áirithiú; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle, áfach, gan na hearráidí céanna a rinneadh roimhe seo a dhéanamh an athuair mar fhreagairt ar an ngéarchéim eacnamaíoch; | 19. ag moladh go mbeadh beartas fioscach frith-thimthriallach in AE agus ina Bhallstáit agus chun cóimheasa fiachais-OTI a laghdú, agus do bhuiséid náisiúnta a bheith ar comhardú nó barrachais bheaga a bheith acu le linn cora chun feabhais sa gheilleagar i dtréimhsí fáis AE, chun freagairt go héifeachtach do na dúshláin a bheidh ann sa todhchaí agus cobhsaíocht an limistéir euro a áirithiú; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle, áfach, gan na hearráidí céanna a rinneadh roimhe seo a dhéanamh an athuair mar fhreagairt ar an ngéarchéim eacnamaíoch; ***ag cur in iúl gur cúis imní di, in ainneoin cáineadh géar a bheith déanta ar an modheolaíocht agus ar chonclúidí theoiric na 'déine leathnaitheaí', go bhfuil an Coimisiún ag brath go mór uirthi ó 2009 i leith; ag tabhairt dá haire go léirítear le meachán mór frithfhianaise gur minic a bhíonn fás níos ísle OTI, dífhostaíocht níos airde agus éileamh laghdaithe ann mar thoradh ar an déine; ag aithint na torthaí ón bPríomheacnamaí a bhí ag an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) in 2013 gur laghdaíodh an t-aschur eacnamaíoch USD 1.50 i gcás gach dollair a ghearr rialtais siar óna mbuiséid; á iarraidh ar institiúidí agus cinnteoirí AE aitheantas a thabhairt don fhianaise go mbíonn tionchar crapthach*** |

|  |  |
|---|---|
|  | ***ag ciorruithe ar chaiteachas poiblí agus ar an ngeilleagar agus diúltú don chur chuige sin sa téarnamh ó dhianghlasáil paindéime;*** |

Or. en

16.10.2020 A9-0193/6

**Leasú 6**
**Martin Schirdewan, Manon Aubry**
thar ceann Ghrúpa GUE/NGL

**Tuarascáil** **A9-0193/2020**
**Joachim Schuster**
Beartais eacnamaíocha an limistéir euro 2020
(2020/2078(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 20**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 20. á chur in iúl gur cúis bhuartha di tionchar diúltach suntasach ach míchothrom na géarchéime COVID-19 ar easnamh rialtais agus ar fhiachas príobháideach ar fud an limistéir euro agus AE, go háirithe i mBallstáit a raibh leibhéil arda fiachais phoiblí acu roimh na hiarmhairtí ón bpaindéim, rud a ghéaraíonn tuilleadh ar staid na mBallstát a ndéanann paindéim agus/nó leibhéil arda fiachais rialtais a bhí ann cheana difear dóibh go háirithe; á iarraidh go dtiocfar ar réiteach lena ráthaítear inbhuanaitheacht an fhiachais phoiblí; á chreidiúint, ***sa chomhthéacs sin***, gur ***céim thábhachtach sa ghéarchéim reatha é bannaí an Choimisiúin Eorpaigh a eisiúint***; | 20. á chur in iúl gur cúis bhuartha di tionchar diúltach suntasach ach míchothrom na géarchéime COVID-19 ar easnamh rialtais agus ar fhiachas príobháideach ar fud an limistéir euro agus AE, go háirithe i mBallstáit a raibh leibhéil arda fiachais phoiblí acu roimh na hiarmhairtí ón bpaindéim, rud a ghéaraíonn tuilleadh ar staid na mBallstát a ndéanann paindéim agus/nó leibhéil arda fiachais rialtais a bhí ann cheana difear dóibh go háirithe; á iarraidh go dtiocfar ar réiteach lena ráthaítear inbhuanaitheacht an fhiachais phoiblí; á chreidiúint ***chun é sin a dhéanamh go gcaithfear bannaí comhchoiteanna a thabhairt isteach atá struchtúrtha ar bhealach a ligfeadh do rialtais airgead a chaitheamh mar fhreagairt ar na géarchéimeanna sláinte agus eacnamaíocha a d'eascair as an gcoróinvíreas ar bhealach nach gcuireann lena bhfiachas náisiúnta, anois nó amach anseo, agus go gcoinníonn sé costais iasachtaíochta réasúnta íseal, nó más féidir, an fiachas poiblí arna cheannach ag BCE faoin PEPP a chur ar ceal nó creidiúnú a dhéanamh ag BCE ar chuntais rialtais náisiúnta ar bhonn per capita chun caiteachas a bhaineann leis an bpaindéim a mhaoiniú go díreach***; |

Or. en

**Leasú 7**
**Martin Schirdewan, Manon Aubry**
thar ceann Ghrúpa GUE/NGL

**Tuarascáil** **A9-0193/2020**
**Joachim Schuster**
Beartais eacnamaíocha an limistéir euro 2020
(2020/2078(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 21**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 21. á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach go gcuirfear réitigh shaincheaptha ar fáil leis an athbhreithniú ar chreat beartais fhioscaigh agus eacnamaíoch AE chun críoch na moltaí tír-shonracha chun freagairt do riachtanais éagsúla na mBallstát; á iarraidh go mbeadh rialacha ann a chuirfidh ar chumas an bheartais fhioscaigh freagairt go discréideach do shuaitheadh sa ghearrthéarma, agus cóimheasa arda fiachais phoiblí a laghdú i gcomhréir le rialacha fioscacha laistigh de thréimhse réalaíoch agus réasúnta ama, agus leibhéal leordhóthanach infheistíochta poiblí, beartas cánach inbhuanaithe agus ioncaim chobhsaí rialtais á lamháil ag an am céanna, mar aon leis an mbonneagar poiblí a nuachóiriú agus a neartú go fadtéarmach; | 21. á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach go gcuirfear réitigh shaincheaptha ar fáil leis an athbhreithniú ar chreat beartais fhioscaigh agus eacnamaíoch AE chun críoch na moltaí tír-shonracha chun freagairt do riachtanais éagsúla na mBallstát; á iarraidh go mbeadh rialacha ann a chuirfidh ar chumas an bheartais fhioscaigh freagairt go discréideach do shuaitheadh sa ghearrthéarma, agus cóimheasa arda fiachais phoiblí a laghdú i gcomhréir le rialacha fioscacha laistigh de thréimhse réalaíoch agus réasúnta ama, agus leibhéal leordhóthanach infheistíochta poiblí, beartas cánach inbhuanaithe agus ioncaim chobhsaí rialtais á lamháil ag an am céanna, mar aon leis an mbonneagar poiblí a nuachóiriú agus a neartú go fadtéarmach; ***ag tathant ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle gan filleadh ar na beartais déine a cuireadh chun feidhme mar fhreagairt ar an ngéarchéim airgeadais dhomhanda agus ar ghéarchéim an fhiachais cheannasaigh; ag tabhairt dá haire go bhfuil na beartais dhíobhálacha sin cumhdaithe i rialacha an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis agus sa Sé-Phaca agus sa Dé-Phaca, agus go mbeidh gá le hathrú suntasach ar an reachtaíocht chun imeacht ón gcreat sin;*** |

Or. en

16.10.2020 A9-0193/8

**Leasú 8**
**Martin Schirdewan, Manon Aubry**
thar ceann Ghrúpa GUE/NGL

**Tuarascáil** **A9-0193/2020**
**Joachim Schuster**
Beartais eacnamaíocha an limistéir euro 2020
(2020/2078(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 24 a (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***24a. ag diúltiú don ról atá beartaithe don Seimeastar Eorpach sa Phlean Téarnaimh; ag tabhairt dá haire gur áiríodh arís agus arís eile éilimh ar laghdaithe ar chaiteachas poiblí sna moltaí tírshonracha a rinne an Coimisiún faoin gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis agus faoin Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha ó 2011 i leith, agus ag tabhairt dá haire go bhfuil an Coimisiún dírithe go sonrach ar aghaidh a thabhairt ar phinsin, soláthar cúraim sláinte, fás pá, slándáil poist agus sochair dífhostaíochta; á chreidiúint nach mór d'institiúidí an Aontais na tosaíochtaí beartais sin a thréigean; á iarraidh go ndéanfaí próiseas an tSeimeastair Eorpaigh a scaradh go hiomlán ón bPlean Téarnaimh;*** |

Or. en

16.10.2020 A9-0193/9

**Leasú 9**
**Martin Schirdewan, Manon Aubry**
thar ceann Ghrúpa GUE/NGL

**Tuarascáil** **A9-0193/2020**
**Joachim Schuster**
Beartais eacnamaíocha an limistéir euro 2020
(2020/2078(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 25**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 25. ag tacú leis an bhfógra ón gCoimisiún go ndéanfar athbhreithniú agus, ag brath ar a thoradh féin, oiriúnú ar an Seimeastar Eorpach chun é a thiontú ina uirlis chun na bearta téarnaimh a chomhordú***. ag tabhairt dá haire*** gur cheart go n-áiritheofaí le próiseas an tSeimeastair Eorpaigh ***feidhmiú phróiseas eacnamaíoch AE bunaithe ar chomhordú beartais bhuiséadaigh agus eacnamaíoch agus*** cuspóirí beartais comhshaoil agus shóisialta á gcur san áireamh i gcás in arb iomchuí; á chur in iúl go bhfuil sí suite de nach mór níos mó comhordaithe ar bhearta maidir le státchabhair agus beartais chánach mar aon le beartas fioscach agus sóisialta agus beartais lena rialaítear caidreamh saothair a áireamh ionas go seachnófaí iomaíocht éagórach idir na Ballstáit; | 25. ag tacú leis an bhfógra ón gCoimisiún go ndéanfar athbhreithniú agus, ag brath ar a thoradh féin, oiriúnú ar an Seimeastar Eorpach chun é a thiontú ina uirlis chun na bearta téarnaimh a chomhordú***; ag tabhairt dá haire*** gur cheart go gcuirfí san áireamh i bpróiseas an tSeimeastair Eorpaigh cuspóirí beartais shóisialta agus comhshaoil i gcás inarb iomchuí; á chur in iúl go bhfuil sí suite de nach mór níos mó comhordaithe ar bhearta maidir le státchabhair agus beartais chánach mar aon le beartas fioscach agus sóisialta agus beartais lena rialaítear caidreamh saothair a áireamh ionas go seachnófaí iomaíocht éagórach idir na Ballstáit; ***á chur in iúl gur ábhar imní di ó tugadh isteach an Seimeastar Eorpach in 2011, go bhfuil na bearta sonracha beartais a d'éiligh an Coimisiún sna moltaí tírshonracha dírithe ar fhás pá a theorannú, an aois tairsí chun pinsean a fháil a ardú, fiontair atá faoi úinéireacht stáit a phríobháidiú, caiteachas poiblí ar sholáthar cúraim sláinte a laghdú, uaireanta oibre níos faide a chur chun cinn, slándáil poist a laghdú agus cistí do sheirbhísí sóisialta a laghdú, ar nithe iad sin go léir a lagaíonn cumas na stát, na n-institiúidí agus na ndaoine aonair freagairt ar ráig COVID-19; ag tabhairt dá haire go bhfuil greim láidir ag an*** |

*gCoimisiún trí phróiseas an tSeimeastair Eorpaigh ar réimsí beartais phoiblí a thagann, go dlíthiúil agus faoi CFAE, faoi inniúlacht na mBallstát, amhail pinsin agus cúram sláinte a sholáthar;*

Or. en

16.10.2020 A9-0193/10

**Leasú 10**
**Martin Schirdewan, Manon Aubry**
thar ceann Ghrúpa GUE/NGL

**Tuarascáil** **A9-0193/2020**
**Joachim Schuster**
Beartais eacnamaíocha an limistéir euro 2020
(2020/2078(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 25 a (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***25a. ag tathant ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle, agus athbhreithniú á dhéanamh acu ar an gcreat maicreacnamaíoch, a aithint go raibh na dálaí eacnamaíocha san Aontas Eorpach sna 1990idí an-éagsúil leis na cinn atá i réim sa lá atá inniu ann; ag tabhairt dá haire gurbh ionann na rátaí úis in 1997 agus thart ar 5 % d'iasachtaíocht fhadtéarmach rialtais, go raibh an meánchóimheas idir fiachas poiblí agus OTI san Aontas idir 65 % agus 70 %, gurbh ionann an meanfhiachas poiblí i measc aon bhall déag tosaigh sa limistéar euro agus thart ar 60 % den OTI, agus go raibh ráta fáis OTI tuartha ag 3 % in aghaidh na bliana, agus go raibh boilsciú tuartha ag 2 %; ag tabhairt dá haire go gceanglófaí ar rialtais, de réir na ndálaí eacnamaíocha sin, an cóimheas idir fiachas poiblí agus OTI a choinneáil ag 60 % nó faoina bhun chun easnaimh bhuiséid a theorannú go 3 % den OTI; á áitiú más rud é go gcomhaontaítear aon spriocanna nua faoi chreat maicreacnamaíoch amach anseo, gur cheart go léireofaí leo réaltachtaí eacnamaíocha reatha, agus go mbeidís dírithe ar tháscairí aeráide agus folláine seachas ar spriocanna fiachais agus easnaimh treallacha;*** |

Or. en

**Leasú 11**
**Martin Schirdewan, Manon Aubry**
thar ceann Ghrúpa GUE/NGL

**Tuarascáil** **A9-0193/2020**
**Joachim Schuster**
Beartais eacnamaíocha an limistéir euro 2020
(2020/2078(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 34**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 34. á iarraidh ar an gCoimisiún féachaint ar bheartais nua a mhol institiúidí idirnáisiúnta lena dtacaítear agus rannchuidítear le haistriú cóir a mhaoiniú, ina ndéantar éifeachtaí socheacnamaíocha an aistrithe chuig geilleagar atá aeráidneodrach a laghdú agus fás eacnamaíoch a chur chun cinn, mar aon le díriú ar chostais ollmhóra atá bainteach leis an téarnamh iarphaindéime a mhaolú agus airgeadas poiblí na mBallstát a athbhunú; á iarraidh ar cheannairí AE agus ar an gCoimisiún cinntí misniúla a ghlacadh chun ciseán d'acmhainní dílse nua a chur i bhfeidhm, chun go n-áireofaí ioncam a eascraíonn as beartais AE atá fabhrach do chur chun feidhme na cosanta comhshaoil agus forbairt margadh aonair atá cóir, inbhuanaithe agus iomaíoch, agus go mbeadh sé indéanta iasachtaí faoi Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh a aisíoc le linn an chéad CAI eile; á mheabhrú go bhfuil gá leis na hacmhainní dílse féin sin a bheith i bhfeidhm chomh tapa agus is féidir, faoi 2021 ar a dhéanaí, agus a bheith buan; á chur i bhfáth, ina leith sin, seasamh Pharlaimint na hEorpa ina rún reachtach an 16 Meán Fómhair 2020 maidir leis an dréachtchinneadh ón gComhairle i ndáil le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh lena dtugtar isteach catagóirí nua d'acmhainní dílse[25]; | 34. á iarraidh ar an gCoimisiún féachaint ar bheartais nua a mhol institiúidí idirnáisiúnta lena dtacaítear agus rannchuidítear le haistriú cóir a mhaoiniú, ina ndéantar éifeachtaí socheacnamaíocha an aistrithe chuig geilleagar atá aeráidneodrach a laghdú agus fás eacnamaíoch a chur chun cinn, mar aon le díriú ar chostais ollmhóra atá bainteach leis an téarnamh iarphaindéime a mhaolú agus airgeadas poiblí na mBallstát a athbhunú; á iarraidh ar cheannairí AE agus ar an gCoimisiún cinntí misniúla a ghlacadh chun ciseán d'acmhainní dílse nua a chur i bhfeidhm, chun go n-áireofaí ioncam a eascraíonn as beartais AE atá fabhrach do chur chun feidhme na cosanta comhshaoil agus forbairt margadh aonair atá cóir, inbhuanaithe agus iomaíoch, agus go mbeadh sé indéanta iasachtaí faoi Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh a aisíoc le linn an chéad CAI eile; á mheabhrú go bhfuil gá leis na hacmhainní dílse féin sin a bheith i bhfeidhm chomh tapa agus is féidir, faoi 2021 ar a dhéanaí, agus a bheith buan; á chur i bhfáth, ina leith sin, seasamh Pharlaimint na hEorpa ina rún reachtach an 16 Meán Fómhair 2020 maidir leis an dréachtchinneadh ón gComhairle i ndáil le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh lena dtugtar isteach catagóirí nua d'acmhainní dílse[25]; ***ag*** |

***tathant ar uachtaránacht na Gearmáine ar an gComhairle dul chun cinn gasta a dhéanamh chun teacht ar chomhaontú maidir le cáin AE ar idirbhearta airgeadais, ar cheart cáin ar idirbhearta díorthach a bheith mar chuid de, agus leanúint láithreach bonn le cáin dhigiteach ar leibhéal an Aontais ar ollchuideachtaí teicneolaíochta i bhfianaise an easpa dul chun cinn sna cainteanna ar leibhéal na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta;***

[25] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0220.

[25] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0220.

Or. en